Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Márta 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0085(COD)**

**7474/22**
**ADD 1**

**CYBER 93**
**TELECOM 116**
**JAI 383**
**INST 89**
**INF 32**
**CSC 119**
**CSCI 39**
**DATAPROTECT 81**
**FIN 353**
**BUDGET 2**
**CODEC 349**
**IA 30**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 122 final - Annexes |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 122 final - Annexes.

---

Faoi iamh: COM(2022) 122 final - Annexes

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2022
COM(2022) 122 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais**

{SWD(2022) 67 final} - {SWD(2022) 68 final}

**IARSCRÍBHINN I**

Tabharfar aghaidh ar na réimsí seo a leanas sa bhunlíne chibearshlándála:

(1) beartas cibearshlándála, lena n-áirítear cuspóirí agus tosaíochtaí maidir le slándáil córas líonraí agus faisnéise, go háirithe maidir le húsáid seirbhísí néalríomhaireachta (de réir bhrí Airteagal 4(19) de Threoir [togra NIS 2]) agus socruithe teicniúla chun teilea-obair a chumasú;

(2) an chibearshlándáil a eagrú, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a shainmhíniú;

(3) bainistíocht sócmhainní, lena n-áirítear fardal sócmhainní TF agus logaimsiú líonra TF;

(4) rialú rochtana;

(5) slándáil oibríochtaí;

(6) slándáil chumarsáide;

(7) éadáil, forbairt agus cothabháil córas;

(8) an caidreamh le soláthróirí;

(9) bainistíocht teagmhas, lena n-áirítear cuir chuige chun feabhas a chur ar ullmhacht agus freagairt do theagmhais agus téarnamh uathu agus ar an gcomhar le CERT-EU, amhail faireachán slándála agus logáil a chothabháil;

(10) bainistíocht leanúnachais gnó agus bainistíocht géarchéime; agus

(11) oideachas cibearshlándála, cláir mhúscailte feasachta agus oiliúna.

## IARSCRÍBHINN II

Tabharfaidh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais aghaidh ar na bearta cibearshlándála sonracha seo a leanas ar a laghad agus an bunlíne chibearshlándála agus a bpleananna cibearshlándála á gcur chun feidhme acu, i gcomhréir leis na treoirdhoiciméid agus na moltaí ón mBord Idirinstitiúideach um Chibearshlándáil:

(1) céimeanna coincréiteacha a thógáil i dtreo Ailtireacht Mhuiníne Nialasaigh (is é sin samhail slándála, sraith prionsabal maidir le dearadh córas, agus straitéis chomhordaithe chibearshlándála agus bhainistíochta córas atá bunaithe ar an dtuiscint gurb ann do bhagairtí lasmuigh de theorainneacha traidisiúnta líonra chomh maith le laistigh díobh);

(2) fíordheimhniú ilchéime a ghlacadh mar ghnáthchleachtas i ngach córas líonra agus faisnéise;

(3) slabhra soláthair bogearraí slán a bhunú trí chritéir chun bogearraí a fhorbairt agus a mheas ar bhealach slán;

(4) feabhas a chur ar rialacha soláthair chun ardleibhéal cibearshlándála coiteann a éascú trí na nithe seo a leanas:

(a) deireadh a chur le bacainní conarthacha lena gcuirtear srian le malartú faisnéise ag soláthraithe seirbhísí TF faoi theagmhais, leochaileachtaí agus cibearbhagairtí le CERT-EU;

(b) oibleagáid chonarthach chun teagmhais, leochaileachtaí agus cibearbhagairtí a thuairisciú agus chun freagairt iomchuí do theagmhais agus faireachán iomchuí ar teagmhais a bheith i bhfeidhm.